Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

10940/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0180 (NLE)**

**ACP 64
WTO 92
RELEX 762
COAFR 210
FDI 12**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais,**
**an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú**
**idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Bealtaine 2021, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún comhaontú a chaibidliú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla maidir le hinfheistíocht inbhuanaithe a éascú.

(2) An 18 Samhain 2022, tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ('an Comhaontú') i gcrích go rathúil.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ('an Comhaontú') a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích[1+].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

[+] Toiscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 10941/23.